# Córas d’Easpórtálaithe Cláraithe (REX)
# FOIRM IARRATAIS AR CHLÁRÚCHÁIN

1. Ainm, seoladh iomlán agus tír, sonraí teagmhála, EORI an t-easpórtálaí

2. Sonraí teagmhála breise lena n-áirítear uimhir fóin agus facs chomh maith le seoladh ríomhphoist má tá sé ar fáil

3. Cur síos ar do ghníomhaíochtaí, ag sonrú más an táirgeachta nó an trádáil atá mar do phríomhghníomhaíochta (Neamhrúnda) agus, nuair is infheidhmithe, próiseas thionsclaíochta (Rúnda)

4. Cur síos táscach ar earraí a cháilíonn do chóireáil fhabhrach, lena n-áirítear liosta táscach de na ceannteidil 4 dhigit de Chórais Chomhchuibhithe (nó caibidlí ina dtagann earraí a thrádáiltear taobh istigh de níos mó ná 20 ceannteideal de Chórais Chomhchuibhithe)

5. Tiomantas an t-easpórtálaí

   Leis seo, dearbhaíonn an sínitheoir thíos an méid seo a leanas:

   − go bhfuil na sonraí uile thuas ceart
   − nár cúlghaireadh aon chlárú roimhe seo; os a choinne sin, deimhníonn siad gur réitíodh an cás ba chúis le cúlghairm den sórt sin
   − dearbhuithe tionscnaimh a tharraingt suas amháin d’earraí a cháilíonn le haghaidh chóireáil fhabhrach amháin agus a chomhlíonann na rialacha tionscnaimh sonraithe le haghaidh na hearraí atá sa chomhaontú trádála atá i gceist
   − taifid chuntasaíochta tráchtála cuí a choinneáil le haghaidh táirgeadh / soláthar earraí a cháilíonn le haghaidh cóireála fabhraí agus a choinneáil ar feadh trí bliana ar a laghad (nó níos mó ag brath ar an tréimhse a bunaíodh sa chomhaontú fabhrach) ó dheireadh na bliana féilire inar tarraingíodh suas an dearbhú tionscnaimh
   − an t-údarás inniúil a chur ar an eolas láithreach faoi athruithe ar a sonraí clárúcháin de réir mar a thagann siad aníos ón am a bhfuarthas uimhir an t-easpórtálaí cláraithe
   − comhoibriú leis an údaráis inniúla
   − glac le seiceáil ar bith ar chruinneas a ndearbhuithe tionscnaimh, lena n-áirítear fíorú na dtaifead cuntasaíochta agus cuairteanna ar a áitreabh ag an gCoimisiún Eorpach nó ag údaráis na mBallstát
   − iarraidh ar a chúlghairm ón gcóras, mura gcomhlíonann sé a thuilleadh na coinníollacha chun an Córas d’Easpórtálaithe Cláraithe a chur i bhfeidhm
   − arraidh ar a chúlghairm ón gcóras, mura bhfuil sé ar intinn aige an Córas d’Easpórtálaithe Cláraithe a úsáid a thuilleadh

**Áit, dáta agus síniú sínitheoir údaraithe, ainmníocht agus / nó teideal**

6. Cead sonrach agus toiliú feasach an t-easpórtálaí chun a shonraí / sonraí a fhoilsiú ar an idirlíon a fháil roimh ré

   Cuirtear in iúl leis seo don sínitheoir thíos go bhféadfaidh sé go gcoinneofar an t-eolas a chuireadh ar fáil i mbunachar sonraí an Coimisiún Eorpach agus go bhféadfaidh sé go ndéanfar na sonraí a nochtadh chuig an bpobal ar an idirlíon, seachas an t-eolas atá marcáilte mar rúnda san iarratas seo.

   Féadfaidh an t-iarratasóir toiliú a sonraí pearsanta a fhoilsiú ar an idirlíon a dhiúltú tríd an fhoirm iarratas seo a sheoladh gan bosca 6 a shíniú. Nó, má shínítear bosca 6, is féidir toiliú a tharraingt siar níos déanaí trí chomhfhreagras scríofa a sheoladh chuig seoladh an Rannán Tionscnaimh a luaitear thíos.

**Áit, dáta agus síniú sínitheoir údaraithe, ainmníocht agus /nó teideal**

7. D'úsáid údarás oifigiúil amháin an bhosca seo

   Tá an t-iarratasóir cláraithe faoin uimhir thíos:

   Uimhir Chláraithe:

   Dáta Clárúcháin:

   Tréimhse bailíochta ó:

   Síniú agus stampa:

Ba chóir an fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuig:

**An Aonad um Thionscnamh agus Luacháil**

**An Rannóg Custam**

**Oifigí an Rialtais**

**Bóthar Chonláin**

**An tAonach**

**Contae Thiobraid Árann**

**E45 T611**

## Fógra eolais maidir leis an chosaint agus próiseáil sonraí pearsanta a corpraíodh sa chóras

1. Sa chás go ndéanann An Coimisiún Eorpach sonraí pearsanta atá san iarratas seo le bheith mar easpórtálaí cláraithe a phróiseáil, cuirfear i bhfeidhm an Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cosaint daoine aonair maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

2. Is é Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2015/2447 lena bhforáiltear do na rialacha maidir le cur i bhfeidhm an chórais d'Easpórtálaithe Cláraithe taobh amuigh de chreat dlíthiúil an GSP an bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil maidir leis an iarratas chun bheith mar easpórtálaí cláraithe.

3. Beidh an t-údarás inniúla sa tír ina ndearna an t-iarratas a tíolacadh mar an rialaitheoir i leith sonraí sa Chóras d'Easpórtálaithe Cláraithe a phróiseáil.
   Tá liosta d'údaráis inniúla / ranna custaim foilsithe ar suíomh idirlíon an Choimisiúin.

4. Tá rochtain ar shonraí uile an t-iarratas seo deonaithe trí aitheantas úsáideora / pasfhocal a thabhairt d'úsáideoirí na Choimisiúin agus in údaráis custam i mBallstáit eile.

5. Déanfaidh údaráis custam de chuid Ballstáit eile sonraí ó chlárúchán cúlghairthe a choinneáil sa Chóras d'Easpórtálaithe Cláraithe ar feadh deich mbliana féilire. Tosóidh an tréimhse seo ag deireadh na bliana ina ndearna an t-iarratas a chúlghair.

6. Tá ceart rochtana ag an duine is ábhar do na sonraí ar na sonraí a bhaineann leis a phróiseálfar tríd an gcóras d'Easpórtálaithe Cláraithe agus, nuair is infheidhmithe, de cheart aige sonraí a scriosadh nó a bhlocáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 nó na dlíthe náisiúnta lena gcuirtear Treoir 95/46/CE chun feidhme. Féadtar aon iarratais ar cheart rochtana, ceartuithe, léirscriosadh nó blocáil a thíolacadh ag údaráis custam na mBallstát atá freagrach as an gclárú, agus déanfar é a phróiseáil freisin. I gcás ina ndéanfaidh an t-easpórtálaí cláraithe iarraidh maidir le feidhmiú an chirt sin a thíolacadh don Choimisiún, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh sin ar aghaidh chuig údaráis chustaim na mBallstát lena mbaineann. Más rud é gur theip ar an easpórtálaí cláraithe a chearta a fháil ó rialaitheoir na sonraí, féadfaidh an t-easpórtálaí cláraithe iarratas dá leithéid a thíolacadh chuig an gCoimisiún atá ag feidhmiú mar rialaitheoir. Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún na sonraí a cheartú, a léirscriosadh nó a bhlocáil.

7. Is féidir gearáin a sheoladh chuig an údarás náisiúnta cosanta sonraí cuí. Tá sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí ar fáil ar an **An Coimisiún Eorpach, Suíomh idirlíon Ard-Stiúrthóireachta an Cheartais.** Más rud é go mbaineann an gearán le próiseáil sonraí de chuid an Choimisiún Eorpach, ba chóir é a sheoladh chuig **an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.**

8. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannainn an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs